



An Bhruiséil, 14 Eanáir 2026
(OR. en)

5306/26

AGRI 19
AGRIORG 1

NÓTA

| | |
|--------|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil ar an meastóireacht ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála – <i>Cur i láthair ón gCoimisiún</i> – <i>Seisiún tuairimíochta</i> |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

Seisiún Tuairimíochta na nAirí maidir leis an Meastóireacht agus an Athbhreithniú atá le déanamh ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála

Tá míchothromaíochtaí suntasacha fós ann sa chumhacht mhargála i slabhra an tsoláthair agraibhia, rud a fhágann go minic go mbíonn cleachtais éagóracha trádála ann. Baineann na cleachtais sin an bonn de chobhsaíocht ioncaim, méadaíonn siad leochaileacht eacnamaíoch agus laghdaíonn siad muinín sa chaidreamh tráchtála, rud a théann chun dochair d'fheirmeoirí agus do sholáthraithe beaga. Is príomhchuspóirí de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta i gcónaí iad seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú agus tacú le hioncaim feirme.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chomhlánaigh an tAontas Eorpach an creat margaidh atá ann cheana (Rialachán Chomheagrú an Mhargaidh Aonair) trí Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia a ghlacadh in 2019. Leis an Treoir sin, bunaíodh íosleibhéal comhchuibhithe trí liosta de chleachtais thoirmiscthe, oibleagáidí forfheidhmiúcháin do na Ballstáit agus coimircí, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar 'toisc na heagla' i measc soláthróirí. Rinneadh na hiarrachtaí sin a dhoimhniú le déanaí trí thionscnaimh bhreise, lena n-áirítear an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le forfheidhmiú trasteorann i gcoinne Cleachtais Éagóracha Trádála, chomh maith le tograí le haghaidh leasuithe spriocdhírithé ar Rialachán Chomheagrú an Mhargaidh Aonair in 2024, arb é is aidhm dóibh araon seasamh agus cosaint feirmeoirí i slabhraí luacha a fheabhsú.

I gcomhréir le hAirteagal 12 den Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála, rinne an Coimisiún an chéad mheastóireacht ar an Treoir agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil mheastóireachta an 1 Nollaig 2025¹ [Doiciméad COM (2025) 728 final]. Rinneadh an mheastóireacht ag céim luath den chur chun feidhme, i bhfianaise moilleanna ar thrasú i roinnt Ballstát agus i bhfianaise thréimhse mheasartha ghearr an chur i bhfeidhm phraiticiúil. Bhí tionchar ag éagsúlachtaí i roghanna náisiúnta maidir le trasú, infhaighteacht theoranta sonraí inchomparáide, agus suaití seachtracha ar nós phaindéim COVID-19 agus chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ar a thorthaí freisin.

¹ 16217/25

D’ainneoin na dteorainneacha sin, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur rannchuidigh an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála le cleachtais éagóracha trádála áirithe a laghdú – go háirithe íocaíochtaí déanacha – agus le forfheidhmiú feabhsaithe ar fud an Aontais. Chuir sé íosleibhéal cosanta ar fáil freisin d’fheirmeoirí agus do sholáthraithe beaga i ngach Ballstát, rud a chuir le cothrom iomaíochta níos fearr. Ag an am céanna, sainiúitear sa mheastóireacht dúshláin thábhachtacha agus réimsí ina bhféadfadh tuilleadh machnaimh a bheith ag teastáil.

Go háirithe, léiríonn na pointí meastóireachta, i measc nithe eile, an méid seo a leanas:

- feasacht mhíchothrom i measc feirmeoirí agus soláthraithe ar a gcearta faoin Treoir;
- rátaí ísle gearán, go príomha mar gheall ar eagla roimh fhrithbheartaíocht agus inní faoi rúndacht;
- difríochtaí suntasacha i ngníomhaíocht agus i gcleachtais forfheidhmiúcháin idir na Ballstáit;
- cleachtais atá ag teacht chun cinn nó atá ag forbairt a d’fhéadfadh dul timpeall ar an Treoir agus rioscaí nó costais dhíreireacha a aistriú chuig soláthróirí, lena n-áirítear cleachtais atá nasctha le ceanglais a bhaineann le hinbhuanaitheacht nó samhlacha íocaíochta, mar shampla ‘íoc tar éis scanadh’.

Meabhraítear sa mheastóireacht freisin an comhthéacs beartais níos leithne, lena n-áirítear seoladh Fhaireachlann an Aontais um an Slabhra Agraibhia, obair anailíseach ar luach saothair cothrom d’fheirmeoirí, agus an Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia, ina gcuirtear i bhfios go láidir nár cheart iallach a chur ar fheirmeoirí díol go córasach faoi bhun a gcostas táirgthe, agus treoshuíomh CBT ar an margadh á chaomhnú.

I bhfianaise an mhéid sin, agus i bhfianaise an rúin ón gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála sa dara leath de 2026, measann Uachtaránacht na Cipire go bhfuil sé tráthúil a iarraidh ar na hairí seisiún tuairimíochta a bheith acu maidir le príomh-threoshuíomhanna beartais a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais don athbhreithniú atá le déanamh. Gan dochar do raon feidhme ná d’ábhar an togra atá le teacht ón gCoimisiún, iarrann Uachtaránacht na Cipire ar na hairí a dtuairimí a nochtadh lena bhféadfaí úsáid éifeachtúil na n-uirlisí atá ar fáil a éascú chun cleachtais éagóracha trádála a chomhrac.

Treoircheisteanna do Dhíospóireacht na n-Airí

Ceist 1 – Seasamh na bhfeirmeoirí a neartú

I gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le déanamh ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála, conas a d'fhéadfadh an t-athbhreithniú ar an Treoir sin seasamh na bhfeirmeoirí agus na soláthraithe beaga i slabhra an tsoláthair agraibhia a neartú a thuilleadh, agus tacaíocht á tabhairt do chur chun feidhme níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtaí na Treorach ar fud na mBallstát, agus an margadh aonair agus prionsabal na comhréireachta á n-urramú freisin?

Ceist 2 – Cothroime an mhargaidh

Cén ról, dar leat, atá ag an gcreat maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála ó thaobh aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhféadfaí rioscaí nó costais dhíréireacha a aistriú chuig feirmeoirí, agus cineál an Chomhbheartais Talmhaíochta atá dírithe ar an margadh á chosaint?

